C/2023/1035

17.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11307 - GI GROUP / EUROPEAN STAFFING BUSINESS OF KELLY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1035)

1. An 10 Deireadh Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— GI Group Holding S.p.A. ('GI Group', an Iodáil), faoi rialú Familia S.r.l., atá á rialú é féin ag beirt daoine nádúrtha,

— Kelly Services Management Sàrl ('Kelly Services', an Eilvéis) faoi rialú Kelly Services, Inc.

Gheobhaidh GI Group rialú aonair ar Kelly Services ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa gníomhaireachtaí fostaíochta é GI Group atá gníomhach ar fud an domhain maidir le soláthar seirbhísí sealadacha fostaíochta agus seirbhísí buana fostaíochta lena n-áirítear seachfhoinsiú próiseas gnó, chomh maith le seirbhísí comhairliúcháin acmhainní daonna eile don mhargadh fostaíochta,

— Soláthraíonn Kelly Services Management Sàrl seirbhísí sealadacha fostaíochta agus seirbhísí buana fostaíochta lena n-áirítear seachfhoinsiú próiseas earcaíochta agus seachfhoinsiú próiseas gnó. Tá an Spriocghnóthas mar chuid de ghrúpa Kelly Services, gníomhaireacht fostaíochta sna Stáit Aontaithe atá gníomhach ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11307 - GI GROUP / EUROPEAN STAFFING BUSINESS OF KELLY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.